# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

Freagair **sé** cheist ar bith.
Tá 60 marc ag gabháil le ceist 1.
Tá 48 marc ag gabháil le gach ceist eile.
Scríobh do chuid freagraí go léir sa fhreagarleabhar.

**Iomlán na marcanna: 300 marc.**



[THALL

**1.** Freagair **sé cinn** ar bith de na codanna (a) – (j).

(a) Déan cur síos ar mhodh chun truaillmheascadh bainne le huisce a bhrath.

(b) Tabhair **trí** fheidhm atá ag an gcóras limfeach i mamaigh.

(c) Mínigh an chaoi a bhféadfadh treoíocht páirce tionchar a bheith aici ar theocht ithreach i dtús an earraigh.

(d) Ainmnigh **trí** ghalar infhógartha a bhíonn ar ainmhithe feirme in Éirinn.

(e) Tabhair **trí** ghné de chuid angaispeirmeacha.


(f) Tabhair breac-chuntas iomlán ar ról an aoil i malartú caitian.

(g) Déan comparáid idir struchtúr bláthanna gaothphailnithe agus bláthanna feithidphailnithe.

(h) Mínigh go hiomlán an fáth nach moltar leasú nítrigine a leathadh ar thalamh féaraigh i ndeireadh an fhómhair.

(i) (i) Liostaigh na **ceithre** dhúil cheimiceacha a bhíonn i gcónaí i láthair i bpróitéin.
(ii) Ainmnigh an t-imoibreán a úsáidtear chun láithreacht próitéine i mbia a thástáil.

(j) (i) Sainaithin an planda a thaispeántar sa léaráid.
(ii) Cén fhine lena mbaineann an planda seo?
(iii) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.




**(60 marc)**

**2.** (a) (i) Céard iad an **dá** phríomhthoisc a bhfuil baint acu le cruthú carraigeacha meiteamorfacha?
(ii) Ainmnigh **dhá** carraigeacha meiteamorfacha agus i n**gach** cás, luaigh cén cineál carraige a fhorbraíonn sé as.
(iii) Mínigh bealach **amháin** a mbíonn tionchar ag an máthairábhar ar an gcineál ithreach a fhorbraítear ar deireadh.

(b) (i) Tabhair **dhá** mhodh inar féidir ábhar orgánach a chur le hithir.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le leibhéal sásúil d'ábhar orgánach a choimeád in ithir churaíochta.

(c) Déan cur síos ar mhodh saotharlainne a úsáidtear chun a dhéanamh amach cé mhéad ábhair neamhorgánaigh atá i sampla ithreach.

**(48 marc)**

**3.** **Rogha a hAon**

(a) Bhí géarchéim fodair ag cuid mhaith d'fheirmeoirí na hÉireann le linn na bliana 2013.
Déan cur síos ar **dhá** chúinse ar bith, agus ar a n-iarmhairtí, a d'fhéadfadh cur le heaspa forleathan fodair.

(b) Sa bhliain 2013 d'fhill líon níos mó feirmeoirí ar fhéar tirim a shábháil mar bhealach le féar a leasú seachas mar a rinne le blianta beaga roimhe sin.

(i) Tabhair an phríomhchúis leis an bhfilleadh ar fhéar tirim a shábháil.

(ii) Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i sábháil féir mar fhéar tirim **agus** tabhair cúis eolaíochta le **gach** céim díobh.

(c) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chleachtas bainistíochta a mbaintear úsáid astu chun sadhlas ar ardchaighdeán a bhaint amach.

**(48 marc)**

**NÓ**

**3.** **Rogha a Dó**

(a) (i) Is minic a chuirtear síos ar an ae mar orgán stórála.
Liostaigh **dhá** shubstaint a stóráiltear in ae ainmhí feirme.
(ii) Ainmnigh **dhá** áit eile i gcorp an ainmhí ina stóráiltear substaintí a bhfuil tairbhe mheitibileach ag baint leo **agus** luaigh an tsubstaint a stóráiltear i n**gach** cás.

(b) Is ionpharaisít an puchán ae (*Fasciola hepatica*) a fhaightear in ae ainmhithe feirme áirithe.
(i) Cén fíleam lena mbaineann *F. hepatica*?
(ii) Tabhair **dhá** thréith atá i mbaill an fhílim seo.
(iii) Tarraing léaráid de phuchán lánfhásta, agus cuir lipéad ar **thrí** struchtúr ar bith.

(c) Déan mionchur síos, le cúnamh léaráide lipéadaithe, ar shaolré an phucháin ae.

**(48 marc)**

**4.** Déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó ar mhodh allamuigh i gcás **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

(a) Chun an tionchar a bhíonn ag an aoladh ar fhás coirce a mheas.

(b) Chun tionchar an phéactha ar bharr prátaí luatha a iniúchadh.

(c) Chun cion na saille ime i sampla de bhainne úr a dhéanamh amach.

(d) Chun a thaispeáint go scaoiltear fuinneamh as síolta atá ag péacadh.

**(48 marc)**

**[THALL**

**5.** (a) Déan mionchur síos ar an gcaoi a gcuireann planda **ainmnithe** bia i dtaisce i gcóras socfhréimhe.

(b) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas mar a úsáidtear iad i dtaca le fás planda san ithir:

(i) toilleadh réimse
(ii) pointe buansleabhctha
(iii) uisce infhála.

(c) Mínigh **trí** bhealach ar bith a dtéann triomach i bhfeidhm ar fhorbairt plandaí bairr.

(d) Taispeántar an cion uisce i dtrí shampla ithreach sa tábla seo a leanas.

| Sampla Ithreach | % Uisce ag Toilleadh Réimse | % Uisce ag Pointe Sleabhctha |
|---|---|---|
| A | 8 | 3 |
| B | 22 | 11 |
| C | 28 | 19 |

(i) Cé acu ithir, A, B nó C, ar lú an seans go sleabhcfadh plandaí inti le linn triomaigh?
(ii) Mínigh do fhreagra.

**(48 marc)**

**6.** (a) Déan cur síos ar **cheithre** thréith shofheicthe a lorgódh feirmeoir nuair a bheadh bodóg athsholáthair á roghnú do thréad déiríochta.

(b) Déan cur síos ar spriocmheáchan, ar bheathú agus ar thithíocht bodóg athsholáthair i dtréad déiríochta a bheireann san earrach, ar **gach** ceann de na céimeanna a leanas:

(i) Céim an lao nuabheirithe
(ii) Céim an lao scoite
(iii) Céim na colpaí
(iv) Céim na cúplála.

(c) (i) Ainmnigh **dhá** shubstaint ar bith a tháltar i gcóras díleá ainmhí **agus** i n**gach** cás ainmnigh an t-orgán a thálann í.
(ii) Tarraing léaráid den chóras díleá in éan **agus** cuir lipéad ar **cheithre** chuid de nach bhfaightear i mamaigh.

**(48 marc)**

**7.** (a) Impraítear faisnéis ghéiniteach sa mhóilín DNA.

(i) Cad iad na struchtúir sna núicléis de chealla ainmhithe ina bhfaightear DNA?
(ii) Mínigh cén chaoi a gcinneann cineálacha áirithe de na struchtúir sin gnéas ainmhithe aonair.

(b) Tá eolaithe in Albain, san áit ar clónáladh an chaora Dolly, tar éis forbairt a fhógairt le gairid i dtionscadal chun ainmhithe atá frithsheasmhach in aghaidh ionfhabhtaithe a tháirgeadh. Tá siad tar éis muc ghéinathraithe a chruthú agus teicníc nua á húsáid acu. Baineadh úsáid as sócháin DNA in innealtóireacht ghéiniteach a rinneadh ar bhanbh, a rugadh i mí Lúnasa 2012 agus ar tugadh Pig 26 air.

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(c) In arbhar, tá na riochtaí méid bhídeach (g) agus duille rocach (r) cúlaitheach i dtaca leis na riochtaí gnáthmhéid (G) agus duille rialta (R). Planda arbhair atá heitrisigeach maidir le méid an phlanda agus le cruth an duille, déantar é a fhéinphailniú agus 160 de na síolta a bhailiú agus a phéacadh.

(i) Scríobh géinitíopa an tuismitheoir sa nodaireacht thuas.

(ii) Cé mhéad planda nua ar a mbeifeá ag súil leis na torthaí seo:
1. duillí rocacha
2. duillí rialta
3. gnáthmhéid agus duillí rialta
4. méid bhídeach agus duillí rialta?

(d) Tabhair **dhá** chúis a ndéantar ainmhithe fireannacha a choilleadh ar fheirmeacha.

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá** chuid ar bith de na codanna (a), (b), (c).

(a) Déan cur síos ar bhainistíocht banbh ó bhreith go scoitheadh.

(b) Déan mionchur síos ar tháirgeadh gránbhairr **ainmnithe** faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

(i) Oiriúnacht na hithreach
(ii) Ullmhú na ceapaí síl
(iii) Síolchur
(iv) Úsáid leasacháin
(v) Baint
(vi) Táirgeacht tuí.

(c) Tabhair cuntas ar na príomhdhifríochtaí idir na baill de **thrí** cinn ar bith de na péirí téarmaí seo a leanas:

(i) *Oighriúchán* agus *Gléireadh*.
(ii) *Eipideirm* agus *Eipididimis*.
(iii) *Antasubstaintí* agus *Antaibheathaigh*.
(iv) *Lánú* agus *Grodbheathú*.

**(48 marc)**

**[THALL**

**9.** Tabhair míniúchán eolaíochta ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:

(a) Cumas ainmhí feirme óig bia toirtiúil a dhíleá tar éis an scoite.

(b) Treabhadh fo-ithreach ar ithir phodsalach.

(c) Úsáid criosanna foscaidh ar fheirmeacha.

(d) Beathú réamhreithíochta a thabhairt do chaoirigh achréidhe roimh chúpláil.

(e) Dath dearg ar fhual ainmhí a ceannaíodh isteach tar éis dó a bheith ag innilt ar an bhfeirm ar feadh sé seachtaine.

**(48 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán